Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2026 (OR. en)**

**13338/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0269 (NLE)**

**PECHE 363**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 478 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE<br>lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2027 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 478 final.

Faoi iamh: COM(2026) 478 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2026
COM(2026) 478 final

2026/0269 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2027 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Sna rialacháin uile maidir le deiseanna iascaireachta, ní mór teorainn a chur le saothrú stoc éisc ar leibhéil atá comhsheasmhach le cuspóirí foriomlána an comhbheartais iascaigh (CBI). Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (‘Bunrialachán CBI’)[1], déantar foráil maidir le teorainneacha gabhála agus iarrachta iascaireachta atá le socrú chun a áirithiú go saothraítear acmhainn bhitheolaíoch na mara faoi dhálaí inbhuanaithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta. I gcomhréir leis na cuspóirí sin, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/1022 lena mbunaítear plean ilbhliantúil le haghaidh stoic ghrinnill i Réigiún na Meánmhara Thiar[2].

Is é is cuspóir don togra seo le haghaidh Rialachán ón gComhairle deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc áirithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh a shocrú.

I gcás Réigiún na Meánmhara Thiar, socraítear leis an togra seo deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic ghrinnill i gcomhréir leis an bplean ilbhliantúil. Sloinntear deiseanna iascaireachta i dtéarmaí uasiarracht iascaireachta incheadaithe le haghaidh na stoc uile. Ina theannta sin, socraítear uasteorainneacha gabhála le haghaidh séaclaí domhainmhara agus colmóirí a ghabhtar agus úsáid á baint as cineálacha sonracha trealaimh iascaireachta. Tá sé beartaithe na teorainneacha sin a chionroinnt ar Bhallstáit Réigiún na Meánmhara Thiar (an Spáinn, an Fhrainc agus an Iodáil).

Thairis sin, tá sé beartaithe deiseanna iascaireachta a shocrú faoi chomhaontuithe a tugadh i gcrích laistigh den Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM), eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh atá freagrach as caomhnú agus bainistiú acmhainn bhitheolaíoch na mara sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh. Tá an tAontas Eorpach ina chomhalta de CIGM, mar atá an Bhulgáir, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, Málta, an Rómáin agus an tSlóivéin. Beidh na bearta arna nglacadh ag CIGM ina gceangal ar a chomhaltaí.

Ar deireadh, tá sé beartaithe cuóta uathrialach a shocrú le haghaidh shaláin Mhuir Mheoid chun méadú breise ar an ráta básmhaireachta iascaigh, i gcomparáid leis na leibhéil atá ann faoi láthair, a sheachaint.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le cuspóirí agus rialacha CBI.

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe i réimse an chomhshaoil.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

2 Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014, IO L 172, 26.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1022/oj).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí atá leis an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais de bhun Airteagal 3(1), pointe (d), CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Leis an togra, cionroinntear deiseanna iascaireachta ar na Ballstáit i gcomhréir le cuspóirí Bhunrialachán CBI, leis an bplean ilbhliantúil um stoic ghrinnill i Réigiún na Meánmhara Thiar agus le torthaí chruinniú bliantúil CGIM. Faoi Airteagal 16(6) agus (7) agus Airteagal 17 de Bhunrialachán CBI, is faoi na Ballstáit atá sé a chinneadh conas a dhéanfar na deiseanna iascaireachta atá ar fáil a dháileadh ar shoithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu, ar bhonn critéir áirithe. Tugann sé sin discréid mhór do na Ballstáit na deiseanna iascaireachta a dháileadh i gcomhréir lena samhlacha sóisialta agus eacnamaíocha.

- **An rogha ionstraime**

Meastar gur rialachán atá san ionstraim is iomchuí toisc gur féidir ceanglais a shocrú leis a bhfuil feidhm dhíreach acu maidir leis na Ballstáit agus leis na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann. Cuideoidh sé sin lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme ar bhealach tráthúil agus comhchuibhithe iad, rud a fhágfaidh go mbeidh níos mó deimhneachta dlíthiúla ann.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara trí bhíthin na Teachtaireachta ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 5 Meitheamh 2026 dar teideal 'Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2027' (COM(2026) 271 final)[3].

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an measúnú ar staid na stoc sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh bunaithe ar an obair is déanaí a rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) agus Coiste Comhairleach Eolaíoch CGIM maidir le hIascaigh.

- **Measúnú tionchair**

Is le hAirteagal 43(3) CFAE a shocraítear raon feidhme na rialachán maidir le deiseanna iascaireachta.

---

[3] eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=COM:2026:271:FIN.

A mhéid a bhaineann leis na deiseanna iascaireachta arna mbunú ag CGIM sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, beartaítear leis an togra seo bearta a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur chun feidhme. Déileálfar le haon bhreithniú atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na deiseanna iascaireachta agus caibidlíocht idirnáisiúnta á hullmhú agus á déanamh chun deiseanna iascaireachta an Aontais a chomhaontú le tríú páirtithe.

Is léiriú é an togra ní hamháin ar ábhair imní ghearrthéarmacha ach ar chur chuige níos fadtéarmaí freisin trína ndéantar an iarracht iascaireachta a choigeartú de réir a chéile chuig leibhéil atá inbhuanaithe san fhadtéarma.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra urramaítear cearta bunúsacha, agus go háirithe na cearta sin a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán agus comhlíonadh a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[4].

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Beartaítear leis an togra deiseanna iascaireachta le haghaidh 2027 a shocrú le haghaidh stoic áirithe nó grúpaí stoc áirithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, a leagtar amach ar bhealach níos mine thíos.

### A. Plean Bainistíochta Ilbhliantúil Réigiún na Meánmhara Thiar a chur chun feidhme

Faoin bplean ilbhliantúil um iascach grinnill i Réigiún na Meánmhara Thiar, tá an Chomhairle leis an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a shocrú, de réir an Bhallstáit, le haghaidh trálaeir a dhéanann iascaireacht ar stoic ghrinnill i Réigiún na Meánmhara Thiar. Déanfar é sin a mhiondealú de réir grúpa iarrachta iascaireachta agus stocghrúpa mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bplean.

Socraítear spriocanna agus bearta sa phlean ilbhliantúil freisin chun bainistiú fadtéarmach a dhéanamh ar stoic. In 2025 bhain an plean céim fhadtéarmach amach ina bhfuil feidhm ag raonta uastáirgeachta inbhuanaithe faoi Airteagail 4 agus 6. Dá bhrí sin, beidh na deiseanna

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/2026-01-10).

iascaireachta le haghaidh 2027 bunaithe ar na raonta arna soláthar ag CETEI, a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar roghanna bainistíochta éagsúla.

Faoi Airteagal 7(5) den phlean ilbhliantúil, is féidir uasiarracht iascaireachta incheadaithe a shocrú freisin le haghaidh trealamh iascaireachta seachas tráil ar bhonn comhairle eolaíoch. Is féidir é sin a dhéanamh chun cloí leis an leibhéal básmhaireachta iascaireachta measta a fhágann gur féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe ($F_{MSY}$) a bhaint amach agus a choinneáil ar bun san fhadtéarma, le patrún iascaireachta ar leith agus faoi na meándálaí comhshaoil reatha.

Mhol CETEI (CETEI 25-11, CETEI-24-10 agus PLEN-24-03) go raibh géarghá le cur chuige iomlánaíoch chun básmhaireacht iascaireachta a laghdú, go háirithe i gcás colmóirí, *nephrops* agus séaclaí domhainmhara. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí bhearta iarrachta a ghlacadh le haghaidh trálaer agus báid spiléireachta, mar aon le teorainneacha gabhála le haghaidh báid eangaí a dhéanann iascaireacht ar shéaclaí domhainmhara agus ar cholmóirí. Ar bhonn na comhairle sin, áiríodh teorainneacha gabhála i Rialacháin (AE) 2022/110[5], (AE) 2023/195[6], (AE) 2024/259[7], (AE) 2025/219[8] agus (AE) 2026/266[9] ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh le haghaidh 2022, 2023, 2024, 2025 agus 2026. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint den chur chuige sin in 2027, cé go bhfuil an córas idirthréimhseach faoi Airteagal 7(3) den phlean ilbhliantúil imithe in éag. Is amhlaidh atá toisc go gcumhdaíonn Airteagal 7(1), pointe (e), de Bhunrialachán CBI na teorainneacha gabhála ábhartha, ar airteagal é ina sonraítear go bhféadfar 'a áireamh sna bearta chun acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú agus a shaothrú ar bhealach inbhuanaithe (...) bearta maidir le deiseanna iascaireachta a leagan síos agus a leithdháileadh'.

Is le 'pm' (*pro memoria*) a mharcáiltear roinnt deiseanna iascaireachta sa togra seo, go dtí go bhfaighfear an chomhairle eolaíoch is déanaí ó CETEI, comhairle nár eisíodh go fóill nuair a glacadh an togra. Tabharfar an togra cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil a luaithe a bheidh an chomhairle ábhartha ar fáil.

Thairis sin, áirítear sa togra seo sásra cúitimh, a bunaíodh den chéad uair in 2022 chun úsáid trealaimh roghnaithigh agus limistéar coiscthe a chur chun cinn chun éisc óga agus sceithirí a chosaint. Leagfar amach na sonraí sonracha sa pháipéar leathoifigiúil a luaithe a bheidh an chomhairle is déanaí ó CETEI ar fáil.

---

5 Rialachán (AE) 2022/110 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, (IO L 21, 31.1.2022, lch. 165, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/110/oj).

6 Rialachán (AE) 2023/195 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/110 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh le haghaidh 2022 (IO L 28, 31.1.2023, lch. 220, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/195/oj).

7 Rialachán (AE) 2024/259 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L, 2024/259, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/259/oj).

8 Rialachán (AE) 2025/219 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L, 2025/219, 4.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/219/oj).

9 Rialachán (AE) 2026/266 ón gComhairle an 26 Eanáir 2026 lena socraítear le haghaidh 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L, 2026/266, 30.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/266/oj).

## B. Bearta CGIM sa Mheánmhuir

- Uasacmhainneacht cabhlaigh agus reo feistí comhthiomsaithe éisc (FADanna) in aghaidh an tsoithigh, chomh maith le huasteorainneacha gabhála le haghaidh doráid choiteanna sa Mheánmhuir ina hiomláine faoi phlean bainistíochta ilbhliantúil CGIM 2023 (folimistéir gheografacha CGIM (FLGanna) 1 go 27)

Ag an gcruinniú bliantúil a bheidh ag CGIM i mí Dheireadh Fómhair 2026, tá sé le moladh nua a ghlacadh ina leagfar amach céim fhadtéarmach an phlean bainistíochta ilbhliantúil, lena n-áirítear na teorainneacha gabhála le haghaidh doráid choiteanna le haghaidh 2027. Mar ab amhlaidh in 2026, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint de chur chun feidhme na huasteorann acmhainneachta cabhlaigh le haghaidh FADanna a dhíríonn ar an stoc dorád coiteann. Tá an uasteorainn acmhainneachta sin bunaithe ar an acmhainneacht a tuairiscíodh do CGIM in 2019.

- Uasleibhéil gabhálacha le haghaidh ainseabhaithe agus sairdíní agus bearta le haghaidh stoic peiligeach beag faoi phlean bainistíochta ilbhliantúil CGIM 2021 (FLGanna 17 agus 18)

Ag an gcruinniú bliantúil a bheidh ag CGIM i mí Dheireadh Fómhair 2026, tá sé le moladh nua a ghlacadh chun na teorainneacha gabhála le haghaidh speicis pheiligeacha bheaga a shocrú le haghaidh 2027. Mar ab amhlaidh in 2026 tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint de chur chun feidhme na huasteorann acmhainneachta cabhlaigh le haghaidh soithí peas-saighne agus trálaeir peiligeach a dhíríonn ar stoic peiligeach beag. Tá an uasteorainn acmhainneachta sin bunaithe ar an acmhainneacht a tuairiscíodh do CGIM in 2014.

- Uasteorainneacha gabhála le haghaidh rós-séaclaí domhainmhara, agus an uasiarracht iascaireachta incheadaithe agus acmhainneacht cabhlaigh le haghaidh colmóirí i gCaolas na Sicile faoi phlean bainistíochta ilbhliantúil CIGM 2022 (FLGanna 12 go 16)

Ag an gcruinniú bliantúil a bheidh ag CGIM i mí Dheireadh Fómhair 2026, tá sé le moladh nua a ghlacadh lena leagtar amach céim fhadtéarmach an phlean bainistíochta, lena n-áirítear na huasteorainneacha gabhála le haghaidh rós-séaclaí domhainmhara agus an uasiarracht iascaireachta incheadaithe agus acmhainneacht cabhlaigh le haghaidh colmóirí i gCaolas na Sicile le haghaidh 2027.

- Uasacmhainneacht cabhlaigh agus teorainneacha gabhála le haghaidh séaclaí móra dearga agus séaclaí gorma agus dearga i gCaolas na Sicile (FLGanna 12 go 16), sa Mhuir Iónach (FLGanna 19 go 21) agus i Muir na Leiveainte (FLGanna 24 go 27) faoi na pleananna bainistíochta ilbhliantúla CIGM ábhartha

Ag an gcruinniú bliantúil a bheidh ag CGIM i mí Dheireadh Fómhair 2026, tá sé le moltaí nua a ghlacadh lena leagtar amach céim fhadtéarmach na bpleananna bainistíochta ilbhliantúla, lena n-áirítear na huasteorainneacha gabhála le haghaidh domhainmhara i gCaolas na Sicile agus sa Mhuir Iónach agus i Muir na Leiveainte le haghaidh 2027. Mar ab amhlaidh in 2026, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint de chur chun feidhme na n-uasteorainneacha acmhainneachta le haghaidh na gcabhlach a dhíríonn ar shéaclaí domhainmhara faoi na pleananna ilbhliantúla CGIM lena mbaineann.

- Bearta le haghaidh deargáin i Muir Alboran faoin bplean bainistíochta ilbhliantúil CGIM (FLGanna 1 go 3)

Ag an gcruinniú a bheidh ag CGIM i mí Dheireadh Fómhair 2026, tá sé le moladh nua a ghlacadh chun uasteorainneacha gabhála a shocrú le haghaidh deargán i Muir Alboran le

haghaidh 2027, agus ar an gcaoi sin leanúint de chéim fhadtéarmach an phlean bainistíochta a glacadh in 2025 a chur chun feidhme.

Áirítear sa togra sraith ionadchoinneálaithe le haghaidh stoic a bhfuil bearta idirthréimhseacha CGIM le dul in éag ina leith ag deireadh 2026 agus tá coinne leis go nglacfaidh CGIM bearta fadtéarmacha. Meastar go n-áireofar orthu sin bearta a bheidh ann amach anseo chun speicis ghrinnill a bhainistiú i Muir Aidriad agus bearta chun teorainneacha bliantúla gabhála agus iarrachta a shocrú faoi chéim bhuan na bpleananna bainistíochta. Ba cheart do CGIM bearta nua a ghlacadh le haghaidh na stoc sin ag an gcéad chruinniú bliantúil eile a bheidh aige. A luaithe a tharlóidh cruinniú bliantúil CGIM, déanfar an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil.

**C. Bearta CGIM sa Mhuir Dhubh**

1. cuóta uathrialaitheach le haghaidh salán, ar bhonn comhairle eolaíoch;
2. gabháil iomlán incheadaithe (GII) agus an chionroinnt cuótaí le haghaidh turbard faoi phlean bainistíochta ilbhliantúil CGIM 2017 um iascach turbard, a glacadh faoi Mholadh CGIM/41/2017/4 (FLG 29) agus a leasaíodh le Moladh CGIM/47/2024/8.

Is cuid den togra seo iad na bearta a bhfuil nasc feidhmiúil acu leis na deiseanna iascaireachta, (e.g. cosc le linn an tséasúir sceite), ós rud é nach bhféadfaí na deiseanna iascaireachta a bhunú ar na leibhéil chéanna gan na tréimhsí coiscthe sin (mar shampla le haghaidh turbard sa Mhuir Dhubh). D’fhéadfadh éagsúlacht a bheith i bhfad na dtréimhsí coiscthe, ag brath ar staid an stoic arna measúnú sa chomhairle eolaíoch.

2026/0269 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2027 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an Chomhairle le bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a leithdháileadh, lena n-áirítear coinníollacha áirithe a bhfuil nasc feidhmiúil acu leis na deiseanna iascaireachta sin, de réir mar is iomchuí. Foráiltear le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[1] go bhfuil deiseanna iascaireachta le cionroinnt ar na Ballstáit ar bhealach lena n-áirithítear cobhsaíocht choibhneasta ghníomhaíochtaí iascaireachta gach Ballstáit le haghaidh gach stoic éisc nó iascaigh. Le hAirteagal 16(4) den Rialachán sin, foráiltear go bhfuil deiseanna iascaireachta le socrú i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) a leagtar amach in Airteagal 2(2) den Rialachán sin.

(2) Dá bhrí sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ba cheart na deiseanna iascaireachta a shocrú ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil, agus gnéithe bitheolaíocha agus socheacnamaíocha á gcur san áireamh, agus cóir chothrom idir earnálacha iascaireachta á háirithiú an tráth céanna, chomh maith leis na tuairimí a cuireadh in iúl le linn comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara.

(3) Ag an 47ú cruinniú bliantúil a bhí ag an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) in 2024, ghlac sé Moladh GFCM/47/2024/1 lena mbunaítear bearta bainistíochta fadtéarmacha don eascann Eorpach (*Anguilla anguilla*) mar a fhoráiltear Moladh GFCM/46/2023/16 maidir le plean bainistíochta fadtéarmach don eascann Eorpach (folimistéir gheografacha CGIM ('FLGanna CGIM') 1 go 27). Le Moladh GFCM/47/2024/1, coinnítear ar bun, le haghaidh 2027, an tréimhse choiscthe 6 mhí le haghaidh iascaigh thráchtála agus toirmeasc ar an iascach áineasa. Thairis sin, leis an Moladh sin, déantar gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála le haghaidh eascanna gloine a theorannú do thréimhse 2 mhí agus ní cheadaítear iascaireacht den sórt sin ach amháin faoi choinníollacha áirithe. Tá feidhm le bheith ag na bearta sin maidir le huiscí muirí uile na Meánmhara agus fionnuiscí, chomh maith le huiscí goirt, lena n-áirítear inbhir, murlaigh chósta agus uiscí trasdultacha, i

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle, IO L 354, 28.12.2013, lgh. 22–61, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj.

gcomhréir leis an Moladh sin. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(4) Ag an 47ú cruinniú bliantúil a bhí ag CGIM in 2024, ghlac sé Moladh GFCM/47/2024/2 lena mbunaítear bearta fadtéarmacha maidir le saothrú inbhuanaithe coiréalaigh dheirg (*Corallium rubrum*) mar a fhoráiltear le Moladh GFCM/43/2019/4 maidir le plean bainistíochta um shaothrú inbhuanaithe coiréalaigh dheirg sa Mheánmhuir (FLGannaCGIM 1 go 27). Le Moladh GFCM/47/2024/2, coinnítear ar bun le haghaidh 2027 reo na hiarrachta iascaireachta arna sloinneadh mar líon uasta údaruithe iascaireachta agus teorainneacha saothraithe maidir le coiréalach dearg. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(5) Ag an 46ú cruinniú bliantúil a bhí ag CGIM in 2023, ghlac sé Moladh CGIM/46/2023/14 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um shaothrú inbhuanaithe dorád coiteann (*Coryphaena hippurus*) sa Mheánmhuir (FLGanna CGIM 1 go 27), moladh lenar tugadh isteach ó 2024 go 2031 uasteorainn acmhainneachta cabhlaigh, reo ar acmhainneacht feistí comhthiomsaithe éisc (FADanna) in aghaidh an tsoithigh agus teorainn ghabhála. Maidir leis an iascach áineasa, foráiltear leis an Moladh sin freisin go bhfuil teorainn ghabhála laethúil le hurramú. Ba cheart na bearta sin a bhaineann le 2027 a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(6) [*IONADCHOINNEÁLAÍ CGIM 49 Doráid*].

(7) Le Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] bunaíodh plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar (FLGanna CGIM 1, 2, 5, 6, 7, 8, 9, 10 agus 11). Leagtar amach sa phlean sin spriocanna agus bearta maidir le caomhnú fadtéarmach agus saothrú inbhuanaithe na stoc a chumhdaítear leis. Áirítear leis sin bearta chun an uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) le haghaidh spriocstoc a bhaint amach agus a choinneáil ar bun, rud a áirithíonn go ndéanfaidh saothrú acmhainn bhitheolaíoch na mara pobail na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a choinneáil ar bun os cionn leibhéil ar a bhfuiltear in ann an MSY a tháirgeadh.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1022, ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic a liostaítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2019/1022 a shocrú laistigh de raon luachanna an ráta básmhaireachta iascaigh as a n-eascraíonn MSY (raonta FMSY), nó ar leibhéal níos ísle, agus i gcomhréir leis na coimircí dá bhforáiltear sa Rialachán sin. Leagtar amach na raonta FMSY sa chomhairle ábhartha ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI). I gcás nach mbeidh faisnéis eolaíoch leormhaith ar fáil, ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus in Airteagal 1(3) den Rialachán sin a shocrú i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascaigh, i gcomhréir le hAirteagal 4(6) den Rialachán sin.

(9) Thairis sin, tá deiseanna iascaireachta le sloinneadh, ar thaobh, mar uasiarracht iascaireachta incheadaithe le haghaidh trálaer agus báid spiléireachta, arna socrú i gcomhréir leis an gcóras iarrachta iascaireachta a leagtar síos in Airteagal 7 de

[2] Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014, IO L 172, 26.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1022/oj.

Rialachán (AE) 2019/1022, agus, ar an taobh eile, mar uasteorainneacha gabhála le haghaidh séaclaí gorma agus dearga (*Aristeus antennatus*) agus séaclaí móra dearga (*Aristaeomorpha foliacea*) in uiscí doimhne, arna socrú uile i gcomhréir le comhairle eolaíoch agus Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(10) *[IONADCHOINNEÁLAÍ Comhairle ó CETEI maidir le Réigiún na Meánmhara Thiar]*

(11) Chun úsáid roghnaíocht trealaimh iascaireachta a chur chun cinn agus chun limistéir choiscthe éifeachtúla a bhunú chun éisc óga agus sceithirí a chosaint, le Rialachán (AE) 2022/110 ón gComhairle[3], bunaíodh sásra cúitimh i ndáil leis an gcóras iarrachta le haghaidh trálaer. *[IONADCHOINNEÁLAÍ Comhairle maidir le an sásra cúitimh i Réigiún na Meánmhara Thiar]*

(12) I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1022, i gcás ina léireoidh an chomhairle eolaíoch go bhfuil bithmhais stoic sceite aon cheann de na stoic éisc dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán sin faoi bhun an phointe tagartha réamhchúraim i dtaca le bith bithmhais (BPA) nó atá faoi bhun an phointe tagartha teorann i dtaca le bithmhais (BLIM), tá bearta ceartaitheacha le déanamh chun a áirithiú go ndéanfar leibhéil an stoic éisc a athbhunú go tapa os cionn na leibhéal atá in ann MSY a tháirgeadh. *[IONADCHOINNEÁLAÍ Comhairle maidir le bearta ceartaitheacha i Réigiún na Meánmhara Thiar]*

(13) Ag an 44ú cruinniú bliantúil a bhí ag CGIM in 2021, ghlac sé Moladh GFCM/44/2021/20 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um shaothrú inbhuanaithe stoc peiligeach beag i Muir Aidriad (FLGanna CGIM 17 agus 18), moladh lenar tugadh isteach ó 2022 go dtí 2029 uasleibhéal gabhálacha agus uasteorainn ghaolmhar acmhainneachta cabhlaigh le haghaidh soithí peas-saighne agus trálaeir peiligeach a dhíríonn ar pheiligigh bheaga. Ba cheart na bearta sin a bhaineann le 2027 a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(14) *[IONADCHOINNEÁLAÍ CGIM 49 Muir Aidriad peiligeach beag]*.

(15) *[IONADCHOINNEÁLAÍ CGIM 49 Muir Aidriad grinneall]*.

(16) Agus saintréithe chabhlach na Slóivéine agus an tionchar beag a bhíonn aige ar stoic peiligeach beag á chur san áireamh, agus i gcomhréir le mír 33 de Mholadh CGIM/44/2021/20, is iomchuí na patrúin iascaireachta atá ann cheana a chaomhnú agus rochtain chabhlach na Slóivéine ar chainníocht íosta stoc peiligeach beag a áirithiú.

(17) Ag an 45ú cruinniú bliantúil a bhí ag CGIM in 2022, ghlac sé Moladh GFCM/45/2022/4 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um shaothrú inbhuanaithe stoc grinnill i gCaolas na Sicile (FLGanna CGIM 12 go 16), lena n-aisghairtear Moltaí GFCM/44/2021/12 agus GFCM/42/2018/5. Le Moladh GFCM/45/2022/4, tugadh isteach córas iarrachta le haghaidh colmóirí Eorpacha agus teorainneacha gabhála le haghaidh rós-séaclaí domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*), chomh maith le reo acmhainneachta iascaireachta. Ba cheart na bearta sin a bhaineann le 2027 a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(18) *[IONADCHOINNEÁLAÍ CGIM 49 stoic ghrinnill Chaolas na Sicile]*.

(19) Ag an 45ú cruinniú bliantúil a bhí ag CGIM in 2022, ghlac sé Moladh GFCM/45/2022/5 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um shaothrú

---

[3] Rialachán (AE) 2022/110 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, IO L 21, 31.1.2022, lch. 165, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/110/oj.

inbhuanaithe stoc séaclaí móra dearga agus séaclaí gorma agus dearga i gCaolas na Sicile (FLGanna CGIM 12 go 16), lena n-aisghairtear Moltaí GFCM/44/2021/7 agus GFCM/43/2019/6. Le Moladh GFCM/45/2022/5, tugadh isteach teorainn ghabhála agus reo acmhainneachta iascaireachta. Ba cheart na bearta sin a bhaineann le 2027 a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(20) *[IONADCHOINNEÁLAÍ CGIM 49 séaclaí Chaolas na Sicile]*.

(21) Ag an 45ú cruinniú bliantúil a bhí ag CGIM in 2022, ghlac sé Moladh GFCM/45/2022/6 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um shaothrú inbhuanaithe stoc séaclaí móra dearga agus séaclaí gorma agus dearga sa Mhuir Iónach (FLGanna CGIM 19 go 21), lena n-aisghairtear Moltaí GFCM/44/2021/8 agus GFCM/42/2018/4. Le Moladh GFCM/45/2022/6, tugadh isteach teorainn ghabhála agus reo acmhainneachta iascaireachta. Ba cheart na bearta sin a bhaineann le 2027 a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(22) *[IONADCHOINNEÁLAÍ CGIM 49 séaclaí na Mara Iónaí]*.

(23) Ag an 45ú cruinniú bliantúil a bhí ag CGIM in 2022, ghlac sé Moladh GFCM/45/2022/7 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um shaothrú inbhuanaithe stoc séaclaí móra dearga agus séaclaí gorma agus dearga i Muir na Leiveainte (FLGanna CGIM 24 go 27), lena n-aisghairtear Moltaí GFCM/44/2021/6 agus GFCM/42/2018/3. Le Moladh GFCM/45/2022/7, tugadh isteach teorainn ghabhála agus reo acmhainneachta iascaireachta. Ba cheart na bearta sin a bhaineann le 2027 a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(24) [*IONADCHOINNEÁLAÍ CGIM 49 séaclaí Mhuir na Leiveainte*].

(25) Ag an 45ú cruinniú bliantúil a bhí ag CGIM in 2022, ghlac sé Moladh CGIM/45/2022/3 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um shaothrú inbhuanaithe deargán (*Pagellus bogaraveo*) i Muir Alboran (FLGanna CGIM 1 go 3), lena n-aisghairtear Moltaí CGIM/44/2021/4, CGIM/43/2019/2 agus CGIM/41/2017/2. Le Moladh CGIM/45/2022/3, tugadh isteach líon uasta bád spiléireachta agus bád lámhdhorú atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh i Muir Alboran. Ag an 48ú cruinniú bliantúil a bhí ag CGIM in 2025, ghlac sé Moladh CGIM/48/2025/7 maidir le córas iascaireachta fadtéarmach le haghaidh deargán i Muir Alboran (FLGanna CGIM 1 go 3). Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(26) [*IONADCHOINNEÁLAÍ CGIM 49 deargáin*].

(27) Ar bhonn na comhairle eolaíche a sholáthair Meitheal CGIM maidir leis an Muir Dhubh, ba cheart an leibhéal básmhaireachta iascaireachta atá ann faoi láthair le haghaidh salán (*Sprattus sprattus*) a choinneáil ar bun chun inbhuanaitheacht na stoc salán sa Mhuir Dhubh a áirithiú (FLG CGIM 29). Is iomchuí, mar sin, leanúint de chuóta uathrialach a shocrú le haghaidh an stoic sin.

(28) Ag an 47ú cruinniú bliantúil a bhí ag CGIM in 2024, ghlac sé Moladh GFCM/47/2024/8 lena leasaítear Moltaí GFCM/43/2019/3 agus GFCM/41/2017/4 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um iascaigh turbard (*Scophthalmus maximus*) sa Mhuir Dhubh (FLG CGIM 29). Le Moladh GFCM/47/2024/8, tugadh isteach gabháil iomlán incheadaithe (GII) réigiúnach nuashonraithe agus scéim leithdháilte cuótaí le haghaidh turbard. I gcomhréir le Moladh GFCM/41/2017/4, tá nasc feidhmiúil ag an tréimhse choiscthe 2 mhí agus an teorainn 180 lá iascaireachta in aghaidh na bliana leis na deiseanna iascaireachta. Ba cheart na bearta sin a bhaineann le 2027 a chur chun feidhme i ndlí

an Aontais, ós rud é, in éagmais na mbeart sin, go gcaithfí an GII a shocrú ar leibhéal eile.

(29) [*IONADCHOINNEÁLAÍ CGIM 49 chun cuóta turbard an Aontais nár úsáideadh a thabhairt anonn*]

(30) Tá úsáid na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a leagtar amach sa Rialachán seo faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[4], agus go háirithe Airteagail 33 agus 34 de, maidir le gabhálacha agus iarrachtaí iascaireachta a thaifeadadh agus fógra a thabhairt faoi shonraí i ndáil le hídiú deiseanna iascaireachta. Na cóid atá le húsáid ag na Ballstáit agus sonraí á gcur chuig an gCoimisiún maidir le stoic atá faoi réir an Rialacháin seo a thabhairt i dtír, is gá, dá bhrí sin na cóid sin a shonrú.

(31) Ionas nach gcuirfear isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus chun slí bheatha iascairí an Aontais a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2027. Ar chúiseanna práinne, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
***Raon feidhme***

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a fheidhmíonn sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh agus a shaothraíonn na stoic éisc seo a leanas:

   (a) an eascann Eorpach (*Anguilla anguilla*), coiréalach dearg (*Corallium rubrum*) agus an dorád coiteann (*Coryphaena hippurus*) sa Mheánmhuir;

   (b) an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*), an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*), an séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*), an colmóir Eorpach (*Merluccius merluccius*), gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) agus an lannach riabhach (*Mullus barbatus*) sa Mheánmhuir Thiar;

   (c) an t-ainseabhaí (*Engraulis encrasicolus*) agus an sairdín (*Sardina pilchardus*) i Muir Aidriad;

   (d) an colmóir Eorpach (*Merluccius merluccius*), gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*), an sól coiteann (*Solea solea*), an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*) agus an lannach riabhach (*Mullus barbatus*) i Muir Aidriad;

   (e) an colmóir Eorpach (*Merluccius merluccius*) agus an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*) i gCaolas na Sicile;

   (f) an séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*) agus an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) i gCaolas na Sicile, sa Mhuir Iónach agus i Muir na Leiveainte;

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj.

(g) an deargán (*Pagellus bogaraveo*) i Muir Alboran;

(h) an salán (*Sprattus sprattus*) agus an turbard (*Scophthalmus maximus*) sa Mhuir Dhubh.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an t-iascach áineasa, i gcás ina dtagraítear go sainráite don iascach sin sna forálacha ábhartha.

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Ina theannta sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'uiscí idirnáisiúnta' uiscí atá lasmuigh de cheannasacht nó de dhlínse aon Stáit;

(b) ciallaíonn 'iascach áineasa' gníomhaíochtaí iascaireachta neamhthráchtála, lena saothraítear acmhainn bhitheolaíoch na mara, le haghaidh áineasa, turasóireachta nó spóirt;

(c) ciallaíonn 'gabháil iomlán incheadaithe' (GII):

i) in iascaigh atá faoi réir na díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 15(4) go (7) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, an chainníocht éisc a fhéadtar a thabhairt i dtír as gach stoc gach bliain;

ii) sna hiascaigh eile uile, an chainníocht éisc a fhéadtar a ghabháil as gach stoc i gcaitheamh bliana;

(d) ciallaíonn 'cuóta' cion den GII a leithdháiltear ar an Aontas nó ar Bhallstát;

(e) ciallaíonn 'cuóta uathrialach de chuid an Aontais' teorainn ghabhála a leithdháiltear go huathrialach ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in éagmais GII comhaontaithe;

(f) ciallaíonn 'cuóta anailíseach' cuóta uathrialach de chuid an Aontais a bhfuil measúnú anailíseach ar fáil ina leith;

(g) ciallaíonn 'measúnú anailíseach' meastóireacht chainníochtúil ar threochtaí i stoc ar leith, bunaithe ar shonraí maidir le bitheolaíocht agus saothrú an stoic sin, ar léirigh athbhreithniú eolaíoch na sonraí sin a bheith de cháilíocht leordhóthanach chun comhairle eolaíoch a sholáthar i ndáil le roghanna maidir le gabhálacha amach anseo;

(h) ciallaíonn 'feiste comhthiomsaithe éisc' (FAD) aon trealamh ar ancaire a bhíonn ar snámh ar dhromchla na farraige arb é is aidhm dó éisc a mhealladh.

*Airteagal 3*

***Limistéir iascaireachta***

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas maidir le limistéir iascaireachta:

(a) ciallaíonn 'folimistéir gheografacha CGIM' na limistéir a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5];

(b) ciallaíonn 'an Mheánmhuir' na huiscí i bhfolimistéir gheografacha CGIM 1 go 27, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124;

(c) ciallaíonn 'an Mheánmhuir Thiar' na huiscí i bhfolimistéir gheografacha CGIM 1, 2, 5, 6, 7, 8, 9, 10 agus 11 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124;

(d) ciallaíonn 'Muir Aidriad' na huiscí i bhfolimistéir gheografacha CGIM 17 agus 18, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124;

(e) ciallaíonn 'Caolas na Sicile' na huiscí i bhfolimistéir gheografacha CGIM 12, 13, 14, 15 agus 16, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124;

(f) ciallaíonn 'an Mhuir Iónach' na huiscí i bhfolimistéir gheografacha CGIM 19, 20 agus 21, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124;

(g) ciallaíonn 'Muir na Leiveainte' na huiscí i bhfolimistéir gheografacha CGIM 24, 25, 26 agus 27, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124;

(h) ciallaíonn 'Muir Alboran' na huiscí i bhfolimistéir gheografacha CGIM 1, 2 agus 3, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124;

(i) ciallaíonn 'an Mhuir Dhubh' na huiscí i bhfolimistéar geografach CGIM 29, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124.

[5] Rialachán (AE) 2023/2124 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) (athmhúnlú) (IO L, 2023/2124, 12.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2124/oj).

## TEIDEAL II

## DEISEANNA IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS

## CAIBIDIL I

### An Mheánmhuir

*Airteagal 4*
***An eascann Eorpach***

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le folimistéir gheografacha CGIM 1 go 27, le huiscí goirt agus le fionnuiscí. Áirítear le huiscí goirt inbhir, murlaigh chósta agus uiscí trasdultacha.

2. Cuirfear toirmeasc ar ghabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála le haghaidh eascanna Eorpacha, mar spriocspeiceas nó mar fhoghabháil de thaisme, le haghaidh eascanna Eorpacha ar mó ná 12 cm a bhfad foriomlán, ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad. Chuige sin, cinnfidh gach Ballstát lena mbaineann tréimhse choiscthe amháin nó níos mó faoi réir an mhéid seo a leanas:

   (a) i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe a bheith éagsúil laistigh de Bhallstát amháin ó limistéar iascaireachta go chéile chun patrún imirce geografaí agus aimseartha na heascainne a chur san áireamh ag na céimeanna difriúla dá saolré;

   (b) mairfidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe 6 mhí as a chéile ar a laghad, nó 6 mhí ar an iomlán i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i mír 3; agus

   (c) beidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe comhsheasmhach leis na cuspóirí caomhnúcháin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle[6], leis na pleananna náisiúnta bainistíochta atá i bhfeidhm agus le patrúin imirce aimseartha na heascainne Eorpaí ag an gcéim shonrach sa saol sa Bhallstát lena mbaineann.

3. Beidh an tréimhse choiscthe idir an 1 Eanáir agus an 31 Márta 2027, agus bunóidh gach Ballstát lena mbaineann tréimhse choiscthe bhreise 3 mhí idir an 1 Aibreán agus an 30 Samhain 2027.

4. Údarófar gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála le haghaidh eascanna Eorpacha ar lú ná 12 cm a bhfad foriomlán go bliantúil ar feadh tréimhse 2 mhí. Ainmneoidh gach Ballstát lena mbaineann an t-iascach sin institiúid eolaíoch a dhéanfaidh faireachán ar an iascach agus a dhéanfaidh maoirseacht ar bhailiú sonraí agus ar anailís.

5. An líon uasta údaruithe iascaireachta agus an líon uasta trealaimh éighníomhaigh atá údaraithe chun díriú ar eascanna Eorpacha ar lú ná 12 cm a bhfad foriomlán chun críoch tráchtála, ní rachaidh siad thar na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

6. Toirmiscfear iascach áineasa na heascainne Eorpaí ag gach céim dá saolré.

---

[6] Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athbhunú, IO L 248, 22.9.2007, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1100/oj.

7. Déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann an Coimisiún a chur ar an eolas:

(a) maidir leis an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe a chinn sé i gcomhréir le míreanna 2 agus 3, faoin 1 Márta 2027;

(b) laistigh de 2 sheachtain tar éis a nglactha maidir leis na bearta náisiúnta a bhaineann leis an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí coiscthe a chinn sé i gcomhréir le míreanna 2 agus 3; agus

(c) maidir leis an tréimhse atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar eascanna Eorpacha ar lú ná 12 cm a bhfad foriomlán i gcomhréir le mír 4, faoin 1 Márta 2027.

*Airteagal 5*
***Coiréalach dearg***

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na gníomhaíochtaí uile a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais i ndáil le saothrú coiréalaigh dheirg (*Corallium rubrum*) sa Mheánmhuir.

2. Le haghaidh iascaigh spriocdhírithe, maidir leis an líon uasta údaruithe iascaireachta agus uaschainníochtaí stoc coiréalaigh dheirg a bhaineann soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus a bhaintear trí ghníomhaíochtaí de chuid an Aontais, ní rachaidh an líon sin thar na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 6*
***An dorád coiteann***

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na gníomhaíochtaí tráchtála uile a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhíríonn ar dhoráid choiteanna (*Coryphaena hippurus*) trí FADanna a úsáid sa Mheánmhuir. Tá feidhm aige freisin maidir le hiascach áineasa dorád coiteann sa Mheánmhuir.

2. Mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, beidh teorainn le huasacmhainneacht cabhlaigh, arna sloinneadh ina líon soithí, ina kW agus ina holltonnáiste (GT), soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar dhoráid choiteanna.

3. Mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, beidh teorainn leis an líon uasta FADanna in aghaidh an tsoithigh atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar dhoráid choiteanna.

4. Ní sháráfar leis an uasleibhéal gabhálacha dorád coiteann na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

5. Ceadófar iascach áineasa dorád coiteann ón 15 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig agus beidh an líon uasta gabhálacha teoranta do 10 kg nó do chúig iasc d’aon mhéid in aghaidh an duine in aghaidh an lae.

## CAIBIDIL II

## An Mheánmhuir Thiar

*Airteagal 7*

***Stoic ghrinnill***

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile de chuid an Aontais lena ngabhtar stoic ghrinnill dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2019/1022 sa Mheánmhuir Thiar.

2. Mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, beidh teorainn leis an uasiarracht iascaireachta incheadaithe le haghaidh trálaer agus báid spiléireachta. Déanfaidh na Ballstáit an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/1022 agus le hAirteagail 26 go 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

3. Mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, beidh teorainn leis na huasteorainneacha gabhála le haghaidh séaclaí gorma agus dearga (*Aristeus antennatus*) i Muir Alboran, ar na hOileáin Bhailéaracha, i dTuaisceart na Spáinne agus i Murascaill an Leoin.

4. Mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, beidh teorainn leis na huasteorainneacha gabhála le haghaidh séaclaí gorma agus dearga (*Aristeus antennatus*) agus séaclaí móra dearga (*Aristaeomorpha foliacea*) ar Oileán na Corsaice, sa Mhuir Liogúrach, i Muir Thoirian agus ar Oileán na Sairdíne.

5. Beidh leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta i measc na mBallstát a leagtar amach in Iarscríbhinn IV gan dochar do na nithe seo a leanas:

   (a) malartuithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

   (b) asbhaintí agus ath-leithdháiltí arna ndéanamh de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

   (c) gabhálacha breise arna gceadú faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 nó faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

   (d) cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 nó arna n-aistriú faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

   (e) asbhaintí arna ndéanamh de bhun Airteagail 105, 106 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

*Airteagal 8*
***Sásra cúitimh***

***[IONADCHOINNEÁLAÍ]***

*Airteagal 9*
***Bearta ceartaitheacha***

***[IONADCHOINNEÁLAÍ]***

*Airteagal 10*
***Taifeadadh agus tarchur sonraí***

1. Déanfaidh na Ballstáit taifead ar na sonraí maidir le hiarracht iascaireachta agus tarchuirfidh siad chuig an gCoimisiún iad i gcomhréir le hAirteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus Airteagail 56, 58 agus 59 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2196 ón gCoimisiún[7].

2. Nuair a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, sonraí a bhaineann leis an iarracht iascaireachta, úsáidfidh siad na cóid grúpa iarrachta iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

## CAIBIDIL III

## Muir Aidriad

*Airteagal 11*
***Stoic peiligeach beag***

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile de chuid an Aontais lena ngabhtar sairdíní (*Sardina pilchardus*) agus ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i Muir Aidriad.

2. Ní sháróidh an t-uasleibhéal gabhálacha sairdíní agus ainseabhaithe na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

3. Leagtar amach in Iarscríbhinn V an uasacmhainneacht cabhlaigh, arna sloinneadh ina kW, ina GT agus sa líon, soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar stoic peiligeach beag.

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina n-úsáidfidh Ballstát an tsolúbthacht bliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

---

7 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2196 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2025 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le rochtain ar uiscí agus acmhainní, rialú ar iascach, faireachas, cigireacht agus forfheidhmiú, asbhaint cuótaí agus iarrachtaí iascaireachta, sonraí agus faisnéis, agus lena n aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún (IO L, 2025/2196, 12.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2196/oj).

*Airteagal 12*
***Stoic ghrinnill***

***[IONADCHOINNEÁLAÍ]***

*Airteagal 13*
***Tarchur sonraí***

Nuair a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, sonraí a bhaineann le gabhálacha a thabhairt i dtír agus le hiarracht iascaireachta, úsáidfidh siad na cóid stoic agus na cóid grúpa iarrachta iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

## CAIBIDIL IV

## Caolas na Sicile

*Airteagal 14*
***An colmóir Eorpach agus an rós-séacla domhainmhara***

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na gníomhaíochtaí uile a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile de chuid an Aontais lena ngabhtar colmóirí Eorpacha (*Merluccius merluccius*) agus rós-séaclaí domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*) i gCaolas na Sicile.
2. Leagtar amach in Iarscríbhinn VI an uasacmhainneacht cabhlaigh, arna sloinneadh ina líon soithí, ina kW agus ina GT, soithí tráil grinnill atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar stoic ghrinnill, laistigh de raon feidhme an Airteagail seo.
3. Leagtar amach in Iarscríbhinn VI an uasiarracht iascaireachta incheadaithe le haghaidh colmóirí Eorpacha (ina líon na laethanta iascaireachta), maidir le soithí tráil dobharchú grinnill (OTB) a dhíríonn ar cholmóirí Eorpacha.
4. Ní sháróidh an t-uasleibhéal gabhálacha rós-séaclaí domhainmhara na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.
5. Déanfaidh na Ballstáit an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 26 go 35 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

*Airteagal 15*
***Séaclaí domhainmhara***

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile de chuid an Aontais lena ngabhtar séaclaí móra dearga (*Aristaeomorpha foliacea*) agus séaclaí gorma agus dearga (*Aristeus antennatus*) i gCaolas na Sicile.
2. Leagtar amach in Iarscríbhinn VI uasacmhainneacht cabhlaigh, arna sloinneadh ina líon soithí, ina kW agus ina GT, soithí tráil grinnill atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar stoic ghrinnill laistigh de raon feidhme an Airteagail seo.

3. Ní sháróidh an leibhéal uasta gabhálacha na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

*Airteagal 16*
***Tarchur sonraí***

Nuair a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, sonraí a bhaineann le cainníochtaí na stoc arna ngabháil a thabhairt i dtír, úsáidfidh siad na cóid stoic a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

## CAIBIDIL V

## An Mhuir Iónach agus Muir na Leiveainte

*Airteagal 17*
***Séaclaí domhainmhara***

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile de chuid an Aontais lena ngabhtar séaclaí móra dearga (*Aristaeomorpha foliacea*) agus séaclaí gorma agus dearga (*Aristeus antennatus*) sa Mhuir Iónach agus i Muir na Leiveainte.
2. Leagtar amach in Iarscríbhinn VII uasacmhainneacht cabhlaigh, arna sloinneadh ina líon soithí, ina kW agus ina GT, soithí tráil grinnill atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar shéaclaí domhainmhara dá dtagraítear san Airteagal seo.
3. Ní sháróidh an leibhéal uasta gabhálacha na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

## CAIBIDIL VI

## Muir Alboran

*Airteagal 18*
***An deargán***

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála agus áineasa a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais lena ngabhtar deargáin (*Pagellus bogaraveo*) le spiléir agus le línte láimhe i Muir Alboran.
2. Ní sháróidh an leibhéal uasta gabhálacha na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.
3. Leagtar amach in Iarscríbhinn VIII an líon uasta bád spiléireachta agus bád lámhdhorú atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar dheargáin.
4. Bunófar tréimhse choiscthe d’fhonn an príomhstoc a chosaint le linn na sceite ar feadh tréimhsí nach lú ná 60 lá leanúnach. Mairfidh an tréimhse choiscthe sin ar feadh 2 mhí ar a laghad agus beidh sí ar siúl le linn na tréimhse ó mhí Eanáir go mí

an Mhárta 2027 agus cumhdófar léi na príomhlimistéir dáileacháin deargán i Muir Alboran.

5. Toirmiscfear iascach áineasa deargán.

## CAIBIDIL VII

## An Mhuir Dhubh

*Airteagal 19*

***An salán***

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na gníomhaíochtaí uile a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile de chuid an Aontais lena ngabhtar saláin (*Sprattus sprattus*) sa Mhuir Dhubh.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn IX cuóta uathrialach an Aontais le haghaidh salán.

3. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina n-úsáidfidh Ballstát an tsolúbthacht bliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

*Airteagal 20*

***An turbard***

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na gníomhaíochtaí uile a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile de chuid an Aontais lena ngabhtar turbaird (*Scophthalmus maximus*) sa Mhuir Dhubh.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn IX an GII le haghaidh turbard is infheidhme in uiscí an Aontais sa Mhuir Dhubh, leithdháileadh an GII sin i measc na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, na coinníollacha atá nasctha go feidhmiúil leis sin.

3. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina n-úsáidfidh Ballstát an tsolúbthacht bliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

*Airteagal 21*

***Iarracht iascaireachta le haghaidh turbard a bhainistiú***

Maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar thurbaird faoi chuimsiú Airteagal 20, gan beann ar fhad foriomlán na soithí, ní rachaidh siad thar 180 lá iascaireachta in aghaidh na bliana.

*Airteagal 22*

***Tréimhse choiscthe le haghaidh turbard***

Toirmeascfar ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais aon ghníomhaíocht iascaireachta le haghaidh turbard a dhéanamh, lena n-áirítear turbaird a thrasloingsiú, a choinneáil ar bord, a thabhairt i dtír agus a dhíol den chéad uair, in uiscí an Aontais sa Mhuir Dhubh ón 15 Aibreán go dtí an 15 Meitheamh 2027.

*Airteagal 23*
***Forálacha speisialta maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta sa Mhuir Dhubh***

Beidh leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta i measc na mBallstát a leagtar amach in Iarscríbhinn IX gan dochar do na nithe seo a leanas:

(a) malartuithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(b) asbhaintí agus ath-leithdháiltí arna ndéanamh de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(c) asbhaintí arna ndéanamh de bhun Airteagail 105 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

*Airteagal 24*
***Tarchur sonraí***

Nuair a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, sonraí a bhaineann le cainníochtaí na stoc salán agus na stoc turbard arna ngabháil a thabhairt i dtír in uiscí an Aontais sa Mhuir Dhubh, úsáidfidh siad na cóid stoic a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo.

## TEIDEAL III

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 25*
***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*